C/2025/3089

27.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11973 – EVH GE / HSBC / ESG KRAFTWERKE WETTIN)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/3089)

1. An 20 Bealtaine 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— EVH Grüne Energie — Beteiligung GmbH & Co. KG ('EVH GE', an Ghearmáin), faoi rialú chathair Halle (an Ghearmáin),

— HSBC Alternative Investments S.C.A. SICAV-RAIF ('HSBC Alternative Investments', Lucsamburg), faoi úinéireacht an ghrúpa HSBC (an Ríocht Aontaithe).

— ESG Kraftwerke Wettin GmbH & Co. KG ('ESG', an Ghearmáin).

Gheobhaidh EVH GE agus HSBC Alternative Investments rialú comhpháirteach ar ESG de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá EVH GE gníomhach i nginiúint agus soláthar leictreachais, gáis agus teasa, agus i bhforbairt agus oibriú saoráidí ábhartha,

— Is cuideachta infheistíochta é HSBC Alternative Investments atá faoi úinéireacht an ghrúpa HSBC é. Tá grúpa HSBC gníomhach i ndeighleoga éagsúla den tionscal baincéireachta.

3. Oibreoidh ESG páirc ghréine in Merbitz na Gearmáine.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11973 – EVH GE / HSBC / ESG KRAFTWERKE WETTIN

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË